Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2017 (OR. en)

12596/17

Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0002 (COD)

COPEN 284
EJUSTICE 109
JURINFO 49
DAPIX 306
CODEC 1464

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12187/17 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10940/17 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (NTTanna) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (an córas ECRIS-TCN) a fhorlíonadh agus chun tacú leis agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/21 (An chéad léamh)<br>- Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

Ar an 19 Eanáir 2016, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treorach lena bhfeabhsófar an Córas Faisnéise Eorpaí um Thaifid Choiriúla (CFETC)[1] reatha maidir le náisiúnaigh tríú tíortha (NTT) (doic. 5438/16 + ADD 1 + ADD 2). Agus an togra sin á scrúdú, léirigh na Ballstáit gurbh fhearr go mór leo go mbunófaí córas láraithe le haghaidh NTT ar leibhéal an Aontais. Cuireadh ar fionraí an chaibidlíocht maidir leis an dréacht-Treoir nuair a d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún, ag cruinniú den Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ar an 9 Meitheamh 2016, meastóireacht a dhéanamh ar an gcreat reachtach agus togra a thíolacadh maidir le bunachar sonraí lárnach a bhunú le haghaidh NTT arna gciontú.

[1] Arna bhunú le Cinneadh Réime 2009/315/JHA ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le heagrú agus le hábhar an mhalartaithe faisnéise a bhaintear as an taifead coiriúil idir na Ballstáit (IO L 93, 7.4.2009, lch. 23).

Cuireadh an togra le haghaidh Rialachán maidir le bunachar sonraí lárnach a bhunú faoi bhráid an Choimisiúin ar an 28 Meitheamh 2017 (doic. 10940/17 + ADD 1). Ina dhiaidh sin, thíolaic an Uachtaránacht téacs athbhreithnithe den Treoir a ghabhann leis an Rialachán (doic. 11568/17 + ADD 1). Is leis an Rialachán a rialófar gach a mbaineann leis an mbunachar lárnach, agus is ina comhlánú, ar an gCinneadh Réime arb ann dó cheana maidir le ceisteanna ginearálta faoi fheidhmiú CFETC, a bheidh an Treoir.

Scrúdaigh an Mheitheal um Chomhar in Ábhair Choiriúla (COPEN) na tograí sin ag na cruinnithe a bhí aici an 9 Iúil, 10/11 Meán Fómhair, 25/26 Meán Fómhair agus 9/10 Deireadh Fómhair 2017. Pléadh freisin roinnt de na saincheisteanna sin ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Comhordúcháin i réimse an Chomhair Phóilíneachta agus Bhreithiúnais in Ábhair Choiriúla (CATS) ar an 22 Meán Fómhair. Atmaisféar cuiditheach a bhí i réim le linn an phlé a rinneadh ag cruinnithe na gcomhlachtaí ullmhúcháin sin ionas go bhfuiltear tar éis dul chun cinn nach beag a dhéanamh i dtaca le pointí éagsúla. I ngeall ar an gcur chuige ginearálta a bheidh i réim feasta, is féidir a rá faoin tráth seo go bhfuil sé ina chomhaontú maidir le riar de na míreanna a pléadh; mar sin féin, ba léir le linn an phlé go mbeidh treoir na Comhairle de dhíth i dtaca le saincheisteanna áirithe.

Uime sin, ní mór a thabhairt ar aire go léiríonn na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla le déanaí i gcuid de na Ballstáit a thábhachtaí atá an malartú faisnéise agus a riachtanaí atá sé go mbeadh teacht ag na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an bhfaisnéis ábhartha go léir. Agus fíorú le déanamh ar chúlra an té is cúis (nó a líomhnaítear is cúis) le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, nó a bhféadfadh baint a bheith ag an duine sin leo, níl aon amhras ach gur den riachtanas go mbeadh faisnéis ar fáil maidir le ciontuithe. Fágann sin gur den rí-thábhacht a áirithiú go bhfeidhmíonn ECRIS go héifeachtúil agus go dtugtar aghaidh ar pé bearnaí a d'fhéadfadh a bheith sa chóras.

Bunaithe ar an méid sin, is mian leis an Uachtaránacht go ndéanfadh na hAirí tuilleadh a rá maidir leis an dá ábhar a chuirfear i láthair thíos, ar ábhair iad nach bhfuil déanamh dá n-uireasa má táthar le héifeachtúlacht an chórais lárnaigh a áirithiú feasta.

## II. SAINCHEISTEANNA A CUIREADH FAOI BHRÁID NA COMHAIRLE LENA bPLÉ

Ceist A: Náisiúnaigh de chuid an Aontais a bhfuil náisiúntacht eile acu freisin a chlárú

Sa Rialachán atá beartaithe, leagtar de cheangal ar na Ballstáit faisnéis a chur sa lárchóras faisnéise faoi gach NTT a ciontaíodh i gcoir. De réir an Rialacháin atá beartaithe, chuimseofaí freisin sa sainmhíniú a thugtar ann ar NTT náisiúnaigh tríú tír ar náisiúnaigh iad de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Is ar líon na sonraí a chuirfear isteach sa chóras a bheidh éifeachtacht an chórais ag brath. Is chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá sa chóras reatha, nach gcuimsítear ann faoi láthair ach náisiúnaigh de chuid an Aontais féin, atá an córas ECRIS-TCN á bhunú. Is léir an méid seo:
ina gcás siúd a bhfuil náisiúntacht acu ó Bhallstát de chuid an Aontais agus ar náisiúnaigh tríú tír freisin iad agus nach gcuirtear a gcuid sonraí aitheantais isteach sa lárchóras, bhéarfadh sin go dtig leis na daoine sin pas an tríú tír a thaispeáint i mBallstát amháin agus pas an Aontais a thaispeáint i mBallstát eile ionas go seachnaítear, ar an gcuma sin, go gcasfaí leo aon chion dá ndearna siad roimhe seo. Ina leithéid sin de chás, bheadh taifid choiriúla in dhá Bhallstát éagsúla ag an té sin ach gan eolas dá laghad ina dtaobh ag ceachtar de na Ballstáit.

Baineann fadhb eile den chineál céanna leo siúd a bhfuil náisiúntacht acu i bpéire nó níos mó de Bhallstáit an Aontais óir tharlódh sé chomh maith céanna nach mbeadh aon eolas ag an mBallstát a chuirfeadh an dlí orthu go raibh an dara náisiúntacht ag an duine sin i mBallstát eile. Nuair nach féidir an méid sin a sheiceáil i mbunachar lárnach, beidh sé dodhéanta a aithint cé na Ballstáit eile a d'fhéadfadh a bheith i seilbh taifead coiriúil i dtaobh an té atá i gceist. Mar sin féin, i gcásanna inarb eol do na Ballstáit go bhfuil dhá náisiúntacht de chuid an Aontais ag duine, tá ceangal orthu cheana faoin gCinneadh Réime reatha maidir le ECRIS an méid sin a chur in iúl don dá Bhallstát a dheonaigh an náisiúntacht.

***An dóigh leat gur cheart faisnéis aitheantais an dá chatagóir seo a leanas daoine a chur sa chóras lárnach:***

***a) faisnéis faoi dhaoine arna gciontú a bhfuil dhá náisiúntacht nó níos mó ná sin acu, agus ar náisiúntacht tríú tír ceann de na náisiúntachtaí sin; agus***

***b) faisnéis faoi dhaoine arna gciontú nach bhfuil náisiúntacht tríú tír acu, ach atá i seilbh níos mó ná náisiúntacht amháin de chuid an Aontais Eorpaigh?***

Ceist B: Catagóirí na gcionta coiriúla nach mór méarloirg a chur isteach ina leith sa chóras ECRIS-TCN

Sa Rialachán atá beartaithe, leagtar de cheangal ar na Ballstáit méarloirg agus sonraí aitheantais alfa-uimhriúla a chur isteach sa chóras ECRIS-TCN i leith NTT arna gciontú. A údar sin, i ngeall ar an bhfíoras gur minic nach mbíonn aon bhealach eile ann ach na méarloirg chun NTT arna gciontú a shainaithint go slán agus go héifeachtúil. Údar eile leis is ea an méadú atá ag teacht i gcaitheamh an ama ar líon na ndoiciméad neamhiontaofa aitheantais atá á gcur i gcúrsaíocht ar fud an Aontais agus ailiasanna iomadúla a bheith á n-úsáid ag coirpigh.

I Meitheamh na bliana 2016, dhearbhaigh an Chomhairle nár mhór córas láraithe ECRIS a bhunú ina stórálfaí sonraí alfa-uimhriúla agus méarloirg araon (doic. 9798/16). Má tá an córas ECRIS-TCN le feidhmiú, ní mór go n-úsáidfí méarloirg ann. Mar sin féin, ní raibh na Ballstáit ar aon fhocal maidir le raon feidhme an cheanglais go stórálfaí méarloirg sa chóras lárnach. Is mór idir na coinníollacha agus rialacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit maidir le bailiú agus stóráil méarlorg.

Ba léir le linn an phlé a rinneadh roimhe seo gurbh fhearr le cuid de na Ballstáit go stórálfaí a méarloirg siúd a ciontaíodh in aon chion coiriúil. Mar sin féin, ós rud é gur mór idir na sainmhínithe a thugtar sna Ballstáit éagsúla ar an ní is cion coiriúil ann, d'fhágfadh cur chuige den chineál sin go gcaithfí méarloirg a bhailiú agus a iontráil sa chóras i gcás mionchionta, rud a d'fhéadfadh an córas a chur i ndíréir.

B'fhearr le roinnt eile de na Ballstáit nach gcuirfí méarloirg sa chóras ach i gcás ina ndéantar foráil dó sin sa reachtaíocht náisiúnta. Bhéarfadh an rogha seo, b'fhéidir, nach gcuirfí isteach sa chóras lárnach ach líon sách íseal de mhéarloirg, nó go deimhin nach gcuirfí isteach méarloirg ar bith, rud a chuirfeadh bac tromchúiseach ar éifeachtacht an chórais. D'fhéadfadh cur chuige den chineál sin cur go mór le líon na sonraí bréagacha nó míchearta a chuirfí sa chóras ionas go mbainfí an bonn go hiomlán den aidhm a bhí le bunú an chórais lárnaigh ar an gcéad dul síos.

Measann an Uachtaránacht nach mór teacht ar chomhréiteach idir an dá rogha sin. Luadh féidearthacht amháin le linn an phlé a rinneadh roimhe seo – comhaontú a dhéanamh maidir le liosta de chatagóirí na gcionta coiriúla a gcaithfí méarloirg a bhailiú agus a stóráil ina leith sa chóras lárnach. D'fhéadfaí na catagóirí sin a bhunú ar liosta de chionta coiriúla tromchúiseacha, faoi mar a shainmhínítear iad in ionstraimí reachtacha eile de chuid an Aontais (amhail an Cinneadh Réime maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach), nó d'fhéadfaí iad a shainiú de réir an smachtbhanna choiriúil iarbhír a cuireadh i bhfeidhm. Baineann fadhb le liosta den chineál sin mar go n-áireofaí air idir chionta coiriúla tromchúiseacha agus chionta coiriúla neamh-thromchúiseacha; d'fhéadfaí an fhadhb sin a sheachaint ach an ceanglas maidir le méarloirg a bhailiú agus a stóráil a shainmhíniú ar bhonn an smachtbhanna iarbhír (amhail pianbhreith choimeádta). Cibé acu a cuireadh i bhfeidhm nó ar fionraí í, thabharfadh pianbhreith choimeádta le fios gur mheas na cúirteanna náisiúnta gur bhain tromchúis leis an gcion coiriúil a bhí i gceist. Chuir roinnt de na Ballstáit in iúl freisin go mbeadh sé díréireach méarloirg a chur san áireamh i gcás cionta neamhbheartaithe.

Ag féachaint di don mhéid sin thuas, measann an Uachtaránacht gur cheart teacht ar chomhaontú maidir leis na critéir lena gcinnfear na ciontaí coiriúla ar ceart méarloirg a iontráil ina leith sa chóras ECRIS-TCN ar a laghad ar bith, sa bhreis ar na méarloirg a bhailítear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Creideann an Uachtaránacht gurb iomchuí an méid seo a leanas a bhunú den chuid is lú: gur cheart méarloirg a iontráil sa chóras ECRIS-TCN nuair is i ndáil le cion coiriúil a rinneadh d'aon ghnó a gearradh pianbhreith choimeádta ar an té atá i gceist.

***Iarrtar ar an gComhairle deimhniú a thabhairt i leith an tseasaimh sin.***

***Ina theannta sin, iarrtar ar an gComhairle a rá cibé acu is ceart nó nach ceart, sa chomhthéacs seo, pianbhreith a cuireadh ar fionraí a áireamh ina "pianbhreith choimeádta".***

## III. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a luaitear thuas d'fhonn treoir a thabhairt maidir le tuilleadh oibre ar an leibhéal teicniúil.